



**Oide**

Tacú leis an bhFoghlaim  
Ghairmiúil i measc Ceannairí  
Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional  
Learning of School Leaders  
and Teachers

# Eagraithe Grafacha

Ag tacú leis an bpróiseas foghlama i  
Múineadh agus i bhFoghlaim na Gaeilge

Acmhainn Iar-bhunscoile





© Oide 2024

This work is available under the terms of the Creative Commons Attribution Share Alike 3.0 Licence <http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/ie/>. You may use and re-use this material (not including images and logos) free of charge in any format or medium, under the terms of the Creative Commons Attribution Share Alike Licence.

Please cite as: Oide, *Eagraithe Grafacha*, Baile Átha Cliath, 2024

# Clár

Úsáid Eagraithe Grafacha	4
Eagraithe Grafacha	5
Rólchártaí	6
Staighre	8
Sraithchairteanna	9
Slabhra	10
Creatlach	11
Braoiníní Eolais	12
Léaráid Venn x 2	13
Réaltphléasc	14
Cáirt Trasrangaithe	15
An Taighdeoir	16
An Droichead	17
Físphearsa	18
Nascaire	19
An Clár	20

## Úsáid Eagraithe Grafacha

Is modh radharcach iad na hEagraithe Grafacha a chuidíonn le heolas a eagrú, a fhorbairt agus a achoimriú. Cuidíonn siad leis an scoláire eolas atá scaipthe a eagrú go struchtúrtha. Éascaíonn siad an próiseas foghlama agus tacaíonn siad le cruthú agus forbairt smaointe. Is modh gníomhach é agus freastalaíonn na hEagraithe Grafacha ar riachtanais scoláirí a bhfuil éagsúlacht stíleanna foghlama agus intleachta acu - radharcach, éistitheach agus cinéistéiseach. Éiríonn níos fearr leis na hEagraithe Grafacha nuair a úsáidtear i ngrúpaí beaga iad (beirt/triúr). Tá siad thar a bheith éifeachtach nuair a bhíonn struchtúr ar na grúpaí. Smaoinigh ar:

- ról ceannaireachta a dháileadh ar gach duine sa ghrúpa m.s Taifeadóir, Taighdeoir, Maor Ama, Seiceálaí, An tÉascaitheoir (ag cinntiú go nglacann gach ball den ghrúpa páirt), Achoimreoir, Tuairisceoir
- na hacmhainní a roinnt sa ghrúpa m.s bileog oibre amháin ag gach grúpa.

Is cur chuige teagaisc agus foghlama d'ardchaighdeán é don rang ilchumais i.e. is féidir le scoláirí ar leibhéal éagsúla cumais obair le chéile agus is féidir le gach scoláire cur go héifeachtach le foghlaim an ghrúpa.

Tá cuid de na heagraithe níos úsáidí ná cinn eile i ngnéithe áirithe den phróiseas foghlama mar shampla: ag bailiú eolais, ag déanamh comparáidí, ag forbairt smaointe, ag achoimriú agus ag síneadh smaointeoireachta agus foghlama. Díreach mar an gcéanna, tá cuid de na hEagraithe Grafacha níos áisiúla ná cinn eile le topaicí agus ábhair faoi leith. Is féidir Eagraithe Grafacha a úsáid ag gach céim den phróiseas foghlama:

- réamh-mhúineadh topaice
- bealach isteach sa topaic
- múineadh topaice
- measúnú chun foghlama
- foghlaim neamhspleách féin treoraithe
- staidéar
- dul siar
- ullmhú freagraí do cheisteanna scrúdaithe.


Tacaíonn na hEagraithe Grafacha leis an bhfoghlaim agus cuireann siad le féinmhuinín an scoláire. Cuidíonn siad go mór le measúnú múnlaiteach mar go mbíonn sé soiléir don scoláire cad atá ar eolas aige.

Bíonn saorchead ag an múinteoir i gcónaí an leas is mó agus is éifeachtaí a bhaint as na heagraithe Grafacha.

An Staighre




Sraithchairteanna



Slabhra




Creatlach




Braoiníní Eolais




Léaráid Venn x 2




Réaltphléasc




Cairt Trasrangaithe




An Taighdeoir




An Droichead




Físphearsa




Físphearsa



An Clár




An Nascaire



©

## Rólchártaí



### **RÓL:**

Cinntíonn **an tÉascaitheoir** go bhfuil gach duine sa ghrúpa ag comhoibriú lena chéile, go bhfuil gach duine dírithe ar an tasc foghlama, go mothaíonn gach duine lárnach sa phróiseas agus go mbíonn deis acu páirt a ghlacadh san obair.

### **LEIDEANNA:**

- Cloisimis ó ... anois.
- Suimiúil, ach fillimis ar an tasc anois.
- Féachaimis air seo arís.
- Cad iad na straitéisí a úsáidfimid chun é seo a chur i gcrích?
- Ar mhaith leat rud a rá faoi...?
- An aontaíonn gach duine go...?



### **RÓL:**

Cinntíonn **an Seiceálaí** go roinneann gach duine sa ghrúpa a chuid tuairimí. Cuireann sé/sí ceisteanna orthu le cinntiú go dtuigeann gach duine an t-ábhar. Is féidir leis an seiceálaí litriú/sonraí a chinntiú i bhfoclóir/sa leabhar/ ar líne.

### **LEIDEANNA:**

- Céard a chiallaíonn sé sin?
- An féidir leat é sin a shoiléiriú, le do thoil?
- Ar mhiste leat é sin a rá uair amháin eile, más é do thoil é?
- An bhfiosróidh mé sin sa leabhar/ i bhfoclóir/ar líne?
- Ar mhaith leat é sin a leathnú amach?

## Rólchártaí




### **RÓL:**

Déanann **an Taifeadóir** nóta de smaointe, conclúidí agus cinntí an ghrúpa. Úsáideann sé/sí eagraí grafach, smeach-chairt nó cárta gníomhach foghlama chun na nótaí sin a chur in iúl.

### **LEIDEANNA:**

- Cad a scríobhfaidh mé síos?
- Sílim go ndúirt tú.... An bhfuil an ceart agam?
- An scríobhfaidh mé an smaoineamh/tuairim sin?
- An gcuirfidh mé ciorcal timpeall líne faoi na smaointe is mó a thaitníonn linn?
- Cuirfimid an tuairim sin leis an tuairim seo...
- An úsáidfidh mé grafach chun é sin a shoiléiriú?




### **RÓL:**


Cinntíonn **an Maor Ama** go bhfaigheann gach duine sa ghrúpa deis cainte agus an méid céanna ama. Spreagann sé/sí an grúpa le fanacht ar thasc agus coimeádann sé/sí súil ar an am.


### **LEIDEANNA:**


- Táimid leathbhealach tríd ag an bpointe seo.
- Tá cúig noiméad fágtha againn chun é seo a phlé.
- An féidir linn deireadh a chur leis an bplé seo tar éis trí noiméad eile, le bhur dtoil?
- An féidir linn bogadh ar aghaidh chuig an gcéad rud eile, le bhur dtoil?
- Ba mhaith liom cuireadh a thabhairt do...labhairt anois.
- An féidir liom iarraidh ar ..... a t(h)uairim a thabhairt ag an bpointe seo?


























































**Oide**

Tacú leis an bhFoghlaim  
Ghairmiúil i measc Ceannairí  
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional  
Learning of School Leaders  
and Teachers



[eolas@oide.ie](mailto:eolas@oide.ie)



[@Oide\\_PP\\_Gaeilge](https://twitter.com/Oide_PP_Gaeilge)